

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

**Limerick and Clare Education and Training Board**



Bord Oideachais & Oiliúna  
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

---

**LIMERICK & CLARE**  
Education & Training Board

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024**

## **Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

**Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

	Lch.
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4 - 8
Tuarascáil Iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	9 - 10
Ráiteas Oibriúcháin	11
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha	12
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	13 - 32

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

### Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013

I Mír 51 den Acht sin, éilítear ar an BOO taifead a choinneáil san fhoirm chuí agus i leith cibé tréimhsí cuntasáochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, gach cuntas iomchuí gnách a gheobhaidh nó a chaithfidh sé.


Agus na cuntais sin á gcur i dtoll a chéile, éilítear ar an mBord:

- (a) gnáthpholasaithe cuntasáochta i gcomhair réiteach ráitis airgeadais BOO a fheidhmiú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon difríochtaí ábhartha ón ngnáthphróiseas a chur in iúl agus a mhíniú beartais chuntasáochta

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil a nochtann le cruinneas cuí ag aon am staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais mír 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a shocmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach: An Clr Kieran O'Hanlon

Síniú: 

Dáta: 17 Nollaig 2025

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**  
**Limerick & Clare Education and Training Board**  
**Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (BOOLC) an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Leagtar amach an Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna in Imlitir 0083/2024, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach BOO i mí na Samhna 2024. Ghlac BOO Luimnigh agus an Chláir leis an gCód Rialachais ag a chruinniú in Eanáir 2025.

Bunaíodh Bord nua do BOO Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Deireadh Fómhair 2024, agus ag a chruinniú ar an 19 Samhain 2024, cheap an Bord Coiste nua Airgeadais agus Coiste nua Iníúcháireachta agus Riosca.

**Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, admhaím gur ar an mBord atá an fhreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas rialuithe inmheánacha atá idir éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh

**Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht iomchuí rialaithe a chinntiú:

- 🌱 Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne.
- 🌱 Nósanna imeachta foirmiúla a leagan amach chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus bearta ceartúcháin cuí a chinntiú.
- 🌱 Córas foirmiúil bainistíochta riosca a chur ar bun, ina leagfar amach nósanna imeachta chun gach riosca a shonrú agus a mheas a d'fhéadfadh cur as do BOO Luimnigh agus an Chláir a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh atá á fheidhmiú in BOO Luimnigh agus an Chláir bunaithe ar:

- 🌱 Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe.
- 🌱 Dealú dualgas.
- 🌱 Údaruithe sainiúla.
- 🌱 Seiceálacha inmheánacha.
- 🌱 Athbhreithniú míosúil a dhéanann an lucht bainistíochta ar thuairiscí ina leagtar amach torthaí iarbhrí agus buiséadaithe na gclár atá á bhfeidhmiú ag BOO Luimnigh agus an Chláir.

**Áirítear le Creat Maoirseachta an Bhoird:**

Is iad seo a leanas na nithe agus na daoine a chuireann bonn eolais ar fáil faoina ndéanann an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha:

- 🌱 An Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach.
- 🌱 Moltaí a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuairiscí eile.
- 🌱 Moltaí a dhéanann an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí - BOOnna.
- 🌱 Obair an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.
- 🌱 Athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird sa chruinniú i Márta 2025.

**An Coiste Iníúcháireachta agus Riosca**

Tá obair an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca (CIR), a raibh ceithre chruinniú acu in 2024, ina foinse eolais do mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Mar chuid de chláir oibre an CIR, breithníodh:

- 🌱 Tuarascálacha ar an Iníúcháireacht Inmheánach.
- 🌱 Tuarascálacha ar an iniúcháireacht sheachtrach agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC).
- 🌱 Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- 🌱 Creat Bainistíochta Riosca.
- 🌱 An Clár Rioscaí agus an Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca.
- 🌱 Clár Iníúcháireachta.
- 🌱 Tuarascáil ar an Iníúcháireacht ar Chomhlíonadh.
- 🌱 Tuarascálacha ar Bhainistíocht Riosca ón Stiúrthóir TFE agus ón bPríomh-Oifigeach Riosca.
- 🌱 Tuarascáil chun an bhoird faoi leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.
- 🌱 Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca sa chruinniú ar an 13 Nollaig 2024.

Is iad seo a leanas na daoine agus na grúpaí a thug tuairiscí maidir le feidhmiú rialuithe agus airgeadais agus a raibh cruinniú acu leis an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca in 2024 agus 2025: an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir TFE, an Stiúrthóir BOaO, an Stiúrthóir Scoileanna, an Ceannasaí Airgeadais, an Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus TFC, an tOifigeach Comhlíontachta, Stiúrthóir All, Leas-Stiúrthóir All, agus Iníúcháir Inmheánach All.

Rinne an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don tréimhse thuairiscithe ábhartha ar an 21 Feabhra 2025.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

### Limerick & Clare Education and Training Board

#### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

##### An Coiste Airgeadais

Tá obair an Choiste Airgeadais, a raibh ceithre chruinniú acu in 2024, mar fhoinsé eolais do mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh freisin. Mar chuid de chlár oibre an Choiste Airgeadais, breithníodh:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 (RAB).
  - Moladh RAB 2024 don Bhord.
  - Cuntais Mhíosúla Ioncaim agus Chaiteachais.
  - Tuarascálacha ar an mBainistíocht Riosca ón Stiúrthóir TFE agus ón bPríomh-Oifigeach Riosca.
  - Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste Airgeadais sa chruinniú i Márta 2024.
  - Rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Airgeadais sa chruinniú ar an 12 Nollaig 2024.
- Thuiriscigh an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir TFE agus an Ceannasaí Airgeadais don Choiste Airgeadais in 2024 agus 2025.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2024 ar an 24 Márta, 2025 agus mhol don Bhord iad a ghlacadh.

##### Iniúcháireacht Inmheánach

Cuireann Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna (All-BOOnna) seirbhís iniúcháireachta inmheánaí ar fáil agus tugann an tAonad tuairim fhoriomlán ar na réimsí a ndéantar iniúcháireacht orthu. Bíonn an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a saináithníodh le linn an iniúchta agus is iad seo a leanas na tuairimí féideartha:

**Cuimsitheach** – tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oibríonn go héifeachtach.

**Leordhóthanach** – tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach tríd is tríd agus oibríonn go héifeachtach.

**Neamhdhóthanach** – tá an córas rialaithe inmheánaigh neamhdhóthanach agus ní oibríonn go héifeachtach.

Rinneadh na hathbhreithnithe a leanas ar iniúchadh inmheánach sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024;

(i) Thosaigh Iniúchadh ar an bPárolla i mí na Bealtaine 2023 maidir le haistriú an Phárolla chuig SCGO i mí Dheireadh Fómhair 2022, fuarthas an tuarascáil deiridh ar an 18 Nollaig 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ar an 21 Feabhra 2025. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 7 moladh – 2 cheann acu ar leibhéal meánach agus 5 cinn acu íseal. Tá BOOLC ag obair faoi láthair ar na moltaí a chur i bhfeidhm.

(ii) Rinneadh Iniúchadh ar Phrintíseachtaí i mí Dheireadh Fómhair 2023, fuarthas an tuarascáil deiridh ar an 6 Samhain 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ar an 21 Feabhra 2025. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 9 moladh – 4 cinn acu ar leibhéal meánach agus 5 cinn acu íseal. Tá BOOLC ag obair faoi láthair ar na moltaí a chur i bhfeidhm.

(iii) Rinneadh Iniúchadh ar Thionscadail Chaipitil i mí na Samhna 2023, tionóladh an cruinniú deiridh ar an 11 Iúil 2024 agus fuair BOOLC an dréacht-tuarascáil torthaí ar an 8 Eanáir 2025. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 3 mholadh – 1 cheann amháin acu ar leibhéal meánach agus 2 cheann acu íseal. Tá BOOLC ag obair faoi láthair ar na freagraí bainistíochta.

(iv) Cuireadh tús le hIniúchadh ar Chíos Cóiríochta Sealadaí, Taisteal agus Cothú agus Fáilteachas agus Bronntanais i mí na Samhna 2024, tionóladh an cruinniú deiridh ar an 16 Meitheamh 2025 agus fuarthas an dréacht-tuarascáil torthaí agus moltaí ar an 26 Samhain 2025. Tá BOOLC ag obair faoi láthair ar na freagraí bainistíochta.

##### Sárúithe ar an gcóras rialaithe inmheánaigh um Sholáthar

Tá BOOLC ag obair i gcónaí lena chuid freagrachtaí go léir maidir le rialacháin soláthair a chomhlíonadh. Is ann do chásanna ina bhfaightear earraí agus seirbhísí i níos mó ná láithreán BOOLC amháin trí phróisis iomaíochas soláthair, i gcomhréir le Beartas BOOLC um Sholáthar, ach ina sáraíonn an luach carnach thar na láithreán go léir tairisí tairisceana Náisiúnta/AE.

Bunaithe ar anailís ar an gcaiteachas a rinneadh in 2024 i réimsí inar iomchú próiseas eTenders san eagraíocht trí chéile, aithníodh mar neamhchomhlíontach caiteachas iomlán €1,222,645 (gan. CBL san áireamh) mar seo a leanas:

(i) Caiteachas €74,965, ó Eanáir go Márta 2024, ar Sholáthairtí Gruaige agus Áilleachta don Chlár Printíseachta Gruagaireachta, arna íoc le 6 chuideachta. Bunaíodh painéal i mí an Mhárta 2024 agus baineadh comhlíonadh amach. Leanann an tAonad Soláthair de bheith ag cur an phainéil seo chun cinn le haon soláthróirí nua. Tá comhlíonadh bainte amach. Is féidir soláthróirí nua a chur leis an bpainéal seo am ar bith de réir na nósanna imeachta soláthair. Baineann an neamhchomhlíontacht in 2024 leis an tréimhse go mí an Mhárta, tráth nach raibh an painéal curtha ar bun fós.

(ii) Caiteachas €7,833, ó Eanáir go Márta 2024, as ábhair ranga don Chlár Printíseachta sa Chuisniú, arna íoc le 1 chuideachta. Bhí ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an comórtas tairisceana seo a reáchtáil faoi dhó mar nach bhfuarthas aon aighneachtaí bailí sa chéad comórtas. Cuireadh conradh i bhfeidhm tar éis an dara comórtas le 2 sholáthróir. Baineadh comhlíonadh amach agus baineann an neamhchomhlíontacht in 2024 leis an tréimhse go mí an Mhárta.

## Sárúithe ar an gcóras rialaithe inmheánaigh um Sholáthar (ar lean.)

(iii) Caiteachas €77,222 ó Eanáir go Márta 2024, as Seirbhísí Priontála ar fud na heagraíochta, arna íoc le 4 chuideachta. Fógraíodh comórtas tairisceana ar eTenders agus dámhadh é ina 5 lot, agus suas le 12 sholáthróir i ngach lot. Baineadh comhlíonadh amach agus baineann an neamhchomhlíontacht in 2024 leis an tréimhse go mí an Mhárta.

(iv) Caiteachas de €46,212 ó Eanáir go Bealtaine 2024, as ábhair ranga/tomhaltáin ranga don Innealtóireacht (Ionaid Oiliúna), arna íoc le 2 chuideachta. Fógraíodh comórtas tairisceana ar eTenders. Tá comhlíonadh bainte amach anois.

(v) Caiteachas €440,279 ó Eanáir go Nollaig 2024, as Seirbhísí Bainistithe Priontála ar fud na heagraíochta, arna íoc le 7 gcuideachta. Tá Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais á úsáid ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don chomórtas seo. Foilsíodh an tairiscint, rinneadh meastóireacht uirthi agus thit sí as a chéile ina dhiaidh sin tar éis comhairle dlí a fháil. Táimid ag pleanáil glao nua ar thairiscintí faoi láthair agus é le foilsiú in R1 2026.

(vi) Caiteachas €576,134 ó Eanáir go Nollaig 2024, as Seirbhísí Glantacháin ar fud na heagraíochta, arna íoc le soláthróir amháin. Bhí ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir fanacht ar an OGP creat nua a chruthú le haghaidh Seirbhísí Glantacháin sula rabhathas in ann an glao seo ar thairiscintí a reáchtáil. Thug an OGP le fios go mbeadh siad in ann an comórtas seo a reáchtáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in R1 2025. Cuireadh an glao ar thairiscintí i gcrích agus baineadh comhlíonadh amach i mí Iúil 2025.

Tá Plean Corparáideach Soláthair forbartha ag BOO Luimnigh agus an Chláir don bhliain 2024, ina leagtar amach gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inar aithníodh neamhchomhlíontacht agus riachtanais soláthair eile ag BOO Luimnigh agus an Chláir. Leanfaidh BOO Luimnigh agus an Chláir de mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a shainaithint ina gcuirfeadh glaonna ar thairiscintí agus Creata Náisiúnta atá ann cheana féin le haghaidh earraí agus seirbhísí an luach is fearr ar airgead ar fáil agus ina gcomhlíonfaí riachtanais chomhlíontachta.

### Daoine Bainteacha

Chomhlánaigh fostaí an fhoirm um Poist Ainmnithe chun críocha alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995. Fuair BOOLC seirbhísí deartha ghrafaigh ón ngnólacht seo i Scoileanna BOOLC. Rinneadh 4 íocaíocht leis an díoltóir in 2024, €5,115 san iomlán. Fuarthas amach go raibh coinbhleacht leasa ag baint le 3 cinn de na 4 íocaíocht, arbh fhiú €3,715 san iomlán iad. Tá BOOLC tar éis plé leis an toradh seo agus ní úsáidfídh seirbhísí an ghnólachta seo feasta.

### Calaois

Níor tuairiscíodh aon teagmhais faoi Bheartas Calaoise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2024.

### Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir aon nochtadh cosanta in 2024 faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

### Bainistíú Riosca

Tá Córas Corparáideach Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag BOOLC ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí i ngach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2024 agus déanann an Coiste monatóireacht i gcónaí ar an bhforbairt ar Phlean Straitéiseach Bainistíochta Riosca BOOLC. Rinne an Bord an Ráiteas um Inghlacthacht Riosca a cheadú le linn Cruinniú den Bhord ar an 17 Eanáir 2024. Chuir an Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus TFC agus an tOifigeach Comhlíontachta an Ráiteas um Inghlacthacht Riosca agus Clár Rioscaí na hEagraíochta leasaithe faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca mar chuid de chruinniú an 23 Aibreán 2024. Mar chuid den athbhreithniú ar Chlár Riosca BOOLC, chuir BOOLC san áireamh teagmhais agus bagairtí cibearshlándála a thit amach roimhe, forbairt a léiríonn treocht go bhfuil méadú ar an líon ionsaithe mar sin san earnáil oideachais. Rinne BOOLC an rátáil riosca a mhéadú mar thoradh ar an méadú ar an mbaol don Earnáil Oideachais agus an tionchar a bheadh ag aon bhaol ar an eagraíocht.

### Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu ar leibhéal Earnála

#### An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Le Ciorclán 11/2014 cuirtear de dhualgas ar BOONa ráitis agus ríomhanna sochair a chur ar fáil do bhaill na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Chomhlíon BOOLC a oibleagáid maidir le ráitis bhliantúla ar phinsin a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair in 2024. Ullmhaíodh ráitis sochair pinsin do 978 ball in BOOLC a d'íoc ranníocaíochtaí leis an Scéim agus a thuill méideanna inghairthe faoin Scéim sa tréimhse ó 2013 go 2023.

## Clár Feabhsúcháin Pinsean SCGO

Bunaíodh foireann thiomnaithe in SCGO atá ag obair go heisiach ar chúrsaí Pinsin agus Ranníocaíochtaí Aoisliúntais a réiteach. Tá Foireann Chlár Feabhsaithe na bPinsean ag cabhrú le roinnt tionscadal, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

**Forbairt agus Tástáil PeopleXD** chun aghaidh a thabhairt ar ríomh mícheart ranníocaíochtaí pinsin, méideanna inghairthe, seirbhís pháirtaimseartha a chur san áireamh sa mhodúl pinsin, mar aon le nuashonruithe riachtanacha eile ar an Modúl Pinsin;

Grúpa oibre le haghaidh **Pinsinéirí NSSO** chun cumarsáid fheabhsaithe idir NSSO agus BOOnna a éascú maidir le pinsinéirí BOO, agus glanadh sonraí Pinsinéirí BOO agus cur i bhfeidhm na Méaduithe Pinsin mar thosaíocht reatha;

**Tionscadal SPS** chun aghaidh a thabhairt ar leigheas ranníocaíochtaí pinsin, ríomh méideanna inghairthe; tuairisceáin bainc sonraí a ullmhú agus Ráitis Sochair Pinsin a eisiúint;

**Stair Seirbhíse Páirtaimseartha agus Luach Saothair Inpinsin** do chomhaltaí de scéimeanna oidhreacht;

Tá Grúpa Úsáideoirí Pinsean SCGO/BOO bunaithe agus buaileann siad le chéile gach mí chun saincheisteanna pinsin a phlé agus soiléirithe agus tacaíocht a sholáthar maidir le húsáid mhodúl pinsin CoreHR go háirithe. Tá Foirne Pinsin agus Oibríochtaí SCGO tar éis roinnt réimsí ar PeopleXD sna scéimeanna pinsin a shainathint le haghaidh glantacháin agus tá siad ag obair orthu anois agus ag cur míreanna chuig BOOnna lena n-athbhreithniú agus lena nuashonrú. Nuair a bheidh sé sin críochnaithe, cruthófar sraith iomlán tuarascálacha chun seiceálacha rialaithe cáilíochta a dhéanamh go rialta ar na sonraí.

Agus córas PeopleXD á fhorbairt, bhunaigh SCGO Mol Sonraí SPS chun sonraí ó chórais phárolla roimhe seo a chur le chéile in aon lárchóras amháin. Úsáidtear na sonraí sin ansin chun ráitis sochair SPS agus ráitis phinsin d'fhágáilithe a tháirgeadh, chomh maith le comhaid do Bhanc Sonraí SPS. Tá an tionscadal seo críochnaithe ag 13 BOO go dtí seo in 2024 agus meastar go gcríochnóidh na 3 BOO eile faoi dheireadh na bliana 2024 nó faoi dheireadh R1 2025 ar a dhéanaí. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ráitis sochair/ráitis d'fhágáilithe charntha ó 2013 go 2023 eisithe ag gach BOO agus comhaid bainc sonraí ó 2013 go 2023 curtha ar fáil. Tá ráitis charntha sochair pinsin/ráitis charntha d'fhágáilithe SPS eisithe ag BOOLC ó 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024. Uaslódáladh comhaid bainc sonraí ó 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024 chuig an RCPA. Gineadh Ráitis BOOLC 2024 tríd an Leigheas Pinsin agus níor tháinig siad ó Chóras People XD go díreach. Bíodh sin mar atá, tá a oibleagáidí comhlíonta ag BOOLC ráiteas 2024 a eisiúint roimh an spriocdháta ar an 30 Meitheamh 2025.

## Freagracht as Íoc Pinsinéirí BOO a Aistriú go SCGO

Le cead ón nGrúpa Stiúrtha, thosaigh Foireann Párolla BOO SCGO go foirmiúil ar gach Pinsinéir BOO a aistriú go Párolla SCGO (breis agus 9,700 Pinsinéir á n-íoc faoi láthair ag NSSO) ar an 20 Meitheamh 2024 agus tá an t-aistriú seo críochnaithe ó shin.

## Seirbhísí Comhroinnte Párolla BOO

Bunaíodh Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO) chun seirbhísí comhchoiteanna a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oilíúna. Tá gach ceann de na 16 BOO ar Sheirbhísí Comhroinnte Párolla anois, agus ba é BOO Dhún na nGall an BOO deireanach a aistríodh i mí Feabhra 2024.

Aistríodh an tseirbhís párolla do gach oibrí in BOOLC chuig SCGO i nDeireadh Fómhair 2022. Tá an SCGO freagrach as an bpárolla a phróiseáil, ach tá BOOLC fós freagrach as treoracha a thabhairt don tseirbhís chomhroinnte maidir leis na hathruithe ar phárollaí agus ar an bhfeidhm AD. Tá deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil sé tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon, atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOOLC, an tSeirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna – Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO). Is iad na cáipéisí sin a chuireann bonn faoi fheidhmiú na Seirbhísí Comhroinnte Párolla ag an SCGO thar ceann earnáil na BOOnna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmítear rialuithe iomchuí i dtaca le soláthar seirbhísí párolla ag SCGO do BOOLC.

## Costais, Taisteal agus Cothú san áireamh

Tá SCGO ag obair i gcomhar le BOOnna chun na hÍocaíochtaí costas a aistriú chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag SCGO. Tá 11 BOO tar éis a bhfeidhm T&S a aistriú chuig SCGO agus aistreoidh na 5 BOO eile le linn 2025. Is iad na 5 BOO sin BOO Lú agus na Mí; BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin; BOO Chathair Bhaile Átha Cliath; BOO Chorcaí agus BOO Luimnigh agus an Chláir.

## Párolla do Phrintísigh

D'aistrigh BOOLC an párolla do phrintísigh chuig an tseirbhís bhainistithe párolla a chuir SCGO ar bun i Márta 2020.

## Íocaíochtaí foghlaimoírí

Tá íocaíochtaí le foghlaimoírí aistrithe ag BOOLC chuig an tseirbhís bhainistithe atá curtha ar bun ag SCGO, é sin ina dhá sciar. Sciar 1 i Lúnasa 2020 agus Sciar 2 (Ógtheagmháil agus Roghanna Gairmoideachais agus Oilíúna) i bhFeabhra 2022.

## Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Rinneadh aistriú BOOLC chuig na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ar an 4 Samhain 2024. Comhaontaíodh Spriocshamhail Oibriúcháin leis na BOONna uile a leag amach na seirbhísí atá le soláthar go lárnach ag SCGO agus na cinn a choinneodh gach BOO go háitiúil. D'fhormheas Údarás Deartha Airgeadais SCGO an Spriocshamhail Oibriúcháin, ar a bhfuil ionadaithe ó SCGO agus ó gach ceann de na 16 BOO. Sa Sprioc-Shamhail Oibriúcháin déantar gníomhaíochtaí airgeadais a shainiú ar fud trí réimse leathana;

Ordú go hAirgead Tirim

Soláthar go hÍocaíocht

Taifead go Tuairisc

Tá freagracht ar SCGO as feidhmeanna áirithe a shainmhíneáir go soiléir, agus is iad na BOONna féin a dhéanann an chuid eile go háitiúil. Ní dhéanfar athruithe ar an tSamhail Oibriúcháin Sprice ach amháin le formheas ón Údarás Deartha. Tá deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil sé tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon, atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOOLC agus an Roinn Oideachais – Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Gnó Oideachais. Is iad na cáipéisí sin a chuireann bonn faoi fheidhmiú na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais SCGO-BOO thar ceann earnáil na BOONna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmítear rialuithe iomchuí i dtaca le soláthar seirbhísí airgeadais ag SCGO do BOOLC.

### Athbheithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOLC tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú atá idir éifeachtach, éifeachtúil agus tíosach. Deimhním go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbheithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ag cruinniú a bhí acu ar an 21 Feabhra 2025, ar an modh a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Mar shampla:

🌱 Tuairisc ar an athbheithniú a rinneadh ar rialuithe (ó bhéal agus le tuairisc i scríbhinn araon) ag an gcruinniú ar an 21 Feabhra 2025. Dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh iomchuí agus leordhóthanach a mhéad is praiticiúil go réasúnach. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas sin ar eolas a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha i ngach cuid den eagraíocht.

🌱 Rinneadh athbheithniú ar na tuarascálacha iniúcháireachta inmheánacha agus seachtracha a eisíodh in 2024 agus go dtí seo in 2025, bhí cruinnithe le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC) agus ón Ail-BOONna, agus scrúdaíodh miontuairiscí ó chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais lena chinntiú nach raibh aon neamhréireachtaí idir iad sin agus an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí agus i ráitis ón lucht bainistíochta.

🌱 Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuairisc ar an athbheithniú a rinneadh ar na rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 25 Márta 2025.


🌱 Críochnaíodh athbheithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2024, lena n-áirítear:

- Plé idir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
- Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta (TFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) chuig an mBord
- Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir TFE, ón Stiúrthóir BOaO, ón Stiúrthóir Scoileanna, ón gCeann Airgeadais, Oifigeach Comhlíontachta, Stiúrthóir an Ail, Leas-Stiúrthóir Ail, Iniúcháir Inmheánach Ail chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Moltaí a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuairiscí eile
- Moltaí a rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí
- Tuarascálacha ar Bhainistíocht Riosca ón Stiúrthóir TFE/Príomh-Oifigeach Riosca
- An Clár Riosca a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn rialta

Rinne an Bord an ráiteas seo a mheas agus a cheadú ag a chruinniú a tionóladh ar an 25 Márta 2025.

Cathaoirleach: An Clr. Kieran O'Hanlon

Síniú:



Dáta: 17 Nollaig 2025



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Limerick and Clare Education and Training Board

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Limerick and Clare Education and Training Board for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of the Education and Training Boards Act 2013. The financial statements comprise

- the operating statement
- the statement of current assets and current liabilities, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion,

- the financial statements properly present the income and expenditure of the Board for 2024 and the state of affairs of the Board at 31 December 2024, and
- the financial statements are in accordance with the accounting policies laid down by the Minister for Education and Youth.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Limerick and Clare Education and Training Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### **Report on information other than the financial statements, and on other matters**

The Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the statement of Board responsibilities and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

#### *Non-compliance with procurement rules*

The statement on internal control discloses that in 2024 the Board incurred significant expenditure where the procedures followed did not comply with public procurement guidelines. The statement also sets out the steps taken or planned by the Board to address this matter.

Seamus McCarthy  
Comptroller and Auditor General

19 December 2025

### Responsibilities of Board Members

As detailed in the statement of Board responsibilities, the Board members are responsible for

- the preparation of the financial statements in the form prescribed under section 51 of the Education and Training Boards Act 2013
- ensuring the regularity of transactions
- implementing such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under the Education and Training Boards Act 2013 to audit the financial statements of Limerick and Clare Education and Training Board and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.

- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	Bhliain dar Críoch 31/12/2024	Bhliain dar Críoch 31/12/2023
FÁLTAIS		€'000	€'000
Deontais d'Iar-Bhunscoileanna agus don Cheannoifig	3	93,872	85,966
Deontais Bhunscoile	4	227	181
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	5	91,942	86,256
Deontais i leith Seirbhísí don Óige	6	4,749	4,566
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	7	7,428	7,389
Caipiteal	8	45,485	47,653
		<u>243,703</u>	<u>232,011</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>			
Iar-Bhunscoileanna & an Cheannoifig	9	92,022	87,001
Bunscoil	10	227	208
Breisoideachas agus Oiliúint	11	91,939	86,529
Seirbhísí don Óige	12	4,796	4,593
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	13	7,445	6,934
Caipiteal	14	34,684	57,225
		<u>231,113</u>	<u>242,490</u>
<b>Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain</b>		<u>12,590</u>	<u>(10,479)</u>
<b>Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha eile</b>	25	<u>(11,601)</u>	<u>10,152</u>
<b>Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fhabhráithe don Bhliain</b>		<u>989</u>	<u>(327)</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail an 1 Eanáir</b>		2,376	2,703
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail ar an 31 No</b>	16	<u>3,365</u>	<u>2,376</u>

Sínithe

  
Cllr. Kieran O'Hanlon

An Cathaoirleach

17 Nollaig 2025

Sínithe



Bernadette Cullen  
Príomhfheidhmeannach

17 Nollaig 2025

Tá na nótaí ar leathanach 13 go leathanach 32 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

### Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar an 31 Nollaig 2024

	Nóta	31/12/2024 €'000	31/12/2023 €'000
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Deontais Athfhillteacha Stáit	17	8,739	3,221
Deontais Chaipitil Stáit	18	7,207	15,831
Ioncam Athfhillteach Eile	19	2	4
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	20	177	354
Iarmhéid Bainc		32,625	20,035
		<u>48,750</u>	<u>39,445</u>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Deontais Athfhillteacha Stáit	21	13,175	7,342
Deontais Chaipitil Stáit	22	21,471	14,431
Ioncam Athfhillteach Eile	23	1,795	2,017
Dlíteanais Phá agus Chostais	24	8,944	13,279
		<u>45,385</u>	<u>37,069</u>
<b>Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Reatha</b>		<u><b>3,365</b></u>	<u><b>2,376</b></u>
<b>Léirithe ag</b>			
<b>Barrachas/(Easnamh) Ioncaim</b>	16	<u><b>3,365</b></u>	<u><b>2,376</b></u>

#### Fabhrú


Anailís ar Bharrachas/(Easnamh) Ioncaim	Clár	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe	Barrachas/(Easnamh) Ioncaim	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe
		31/12/2024 €'000	Do 2024 €'000	31/12/2023 €'000
	Scoileanna agus Ceannoifig	1,948	1,032	916
	Cláir Fhéinmhaoinithe	1,417	(43)	1,460
		<u>3,365</u>	<u>989</u>	<u>2,376</u>

Sínithe

  
Cllr. Kieran O'Hanlon  
An Cathaoirleach

17 Nollaig 2025

Sínithe

  
Bernadette Cullen  
Príomhfheidhmeannach

17 Nollaig 2025

Tá na nótaí ar leathanach 13 go leathanach 32 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo

# Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chlár Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024

## 1 Beartais Chuntasaíochta

### 1.1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Tá leagtha amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Táthar tar éis iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### 1.2 Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (BOOLC) an 1 Iúil 2013 agus tá a fheidhmeanna leagtha amach in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Bhí Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ó thús na bliana scoile 2020/2021.

### 1.3 (a) Bonn a gCurtha i Láthair

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Is éard atá iontu Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, Beartais Chuntasaíochta san áireamh.

#### (b) Aitheantas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam

Aithnítear deontais Oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgid thirim.

Aithnítear fáiltas eile ar bhonn airgid thirim.

#### Caiteachas

##### Pá

Aithnítear caiteachas ar phá ar bhonn airgid thirim. Is éard is pá ann íocaíocht le fostaithe, ÁSPC fostóra san áireamh.

##### Neamhphá

Aithnítear caiteachas neamhphá ar bhonn airgid thirim. Is éard atá i gcaiteachas neamhphá costais riaracháin agus oibriúcháin.

##### Liúntais

Aithnítear caiteachas ar liúntais ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaiméoirí atá ag gabháil do chlár shonraithe bhreiseoideachais agus oiliúna atá maoinithe ag SOLAS.

Cuirtear an Ráiteas Oibriúcháin i láthair bunaithe ar fháltais airgid agus íocaíochtaí airgid de réir grúpaí clár. Déantar an barrachas / (easnamh) airgid a choigeartú le haghaidh gluaiseachta i Sócmhainní Reatha (gan. Banc) agus Dlíteanais Reatha chun toradh foriomlán don bhliain ar bhonn fabhráithe a fháil.

#### (c) Aitheantas Sócmhainní agus Dlíteanas

Déantar an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha a ullmhú ar bhonn fabhráithe ach an deontas stáit agus iarmhéideanna ó mhaoinitheoirí eile a mheas de réir na rialacha maoinithe chun teacht ar mhéideanna a léiríonn an t-ioncam admhaithe gaolmhar a fuarthas agus an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh.

##### Deontais Athfhillteacha Stáit

Is iad na deontais seo an bunmhaoiniú atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Is iad na maoinitheoirí is mó ná an Roinn Oideachais, SOLAS, an Roinn Breiseoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

##### Deontais Chaipitil

Baintear feidhm as na deontais seo chun costais as tógáil, bonneagar, fáil réadmhaoine agus athchóiriú a íoc. I gcúinsí faoi leith, féadfar iad a úsáid chun daingneáin, feistis, trealamh agus troscán a mhaoiniú.

##### Ioncam Athfhillteach Eile

##### Tionscadail le Gníomhaireachtaí agus Féinmhaoinithe

Is éard atá i gceist le hobair ghníomhaireachta clár a eagrú thar ceann eagraíocht nó scoláirí eile de réir critéir chomhaontaithe. Aisíoctar an costas leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Is éard is Tionscadail Fhéinmhaoinithe ann ná clár a reáchtáiltear faoi údarás iomlán an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, bíodh sé sin thar ceann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna féin nó eagraíochtaí eile.

##### Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh faoi Shócmhainní Reatha.

Cuirtear Dlíteanais Phá agus Costas san áireamh faoi Dhlíteanais Reatha.

##### Faisnéis Chomparáideach

Nuair ba ghá, rinneadh figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a lua arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

## Limerick & Clare Education and Training Board

### Ráitis Airgeadais – An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024

#### 1 Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

##### (d) Sócmhainní seasta inlámhsithe

Maidir leis na sócmhainní seasta inlámhsithe ar fad a cheannaítear, cuir i gcás foirgnimh, bonneagar agus réadmhaoín a fhaightear, costais athchóirithe, daingneáin, feistis, trealamh agus troscán, cuirtear san áireamh iad mar chostais sa bhliain ina gceannaítear iad. Déantar deontais stáit i gcomhair ceannach sócmhainní seasta inlámhsithe a aithint sa bhliain chéanna.

##### (e) Stoic

Déantar gach stoc intomhalta a chlárú mar chaiteachas tráth a cheannaithe.

##### (f) Léasanna

Déantar aon íocaíochtaí léasa a chlárú mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

##### (g) Sochair Scoir

Is faoi scéimeanna le sochar sainithe a thugtar teidlíochtaí pinsin d'fhoireann an BOO, iad siúd a aistríodh ó SOLAS ina measc. Tá forálacha do bhaill foirne atá fostaithe ó 2013 i leith mar chuid de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Maidir le ranníocaíochtaí pinsin a íocann fostaithe i leith na scéimeanna ón am roimh 2013, coinníonn an BOO iad siúd lena n-úsáid le deontas Pá na Scoileanna Iar-bhunscoile agus na Ceannoifige a mhaoiniú i bpáirt mar chuid den mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste. Íoctar ranníocaíochtaí a íocann daoine atá páirteach sa Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht. Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí fostóra leis na scéimeanna.

Tá na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo á bhfeidhmiú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sochair scoir thar ceann an BOO. Tá na BOOna freagracha as a bpinsin a riar, as sochair a ríomh agus as teidlíochtaí a chur in iúl don ONSC. Aisíocann an Roinn Oideachais na costais pinsin arna dtabú leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus léirítear na costais sin i Vóta na Roinne Oideachais.

Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais maidir le costas reatha na sochar amach anseo atá fabhráithe faoi na scéimeanna seo do bhaill foirne agus do phinsinéirí atá ann cheana.

#### 2 Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir oideachas agus oiliúint ar fáil mar atá leagtha amach anseo thíos:

Seirbhís	An líon scoileanna/ionad*	Líon na rannpháirtithe**	Líon na dtairbhíthe**
Leibhéal Bunscoile	4	278	-
Scoil Cheoil Luimnigh	1	593	-
Dara Leibhéal	17	9,932	-
Breisoideachas ****	26	-	33,378
Oiliúint ****	4	-	4,108
Ranganna Páirtaimseartha/Oíche ****	5	-	4,507

\* An líon scoileanna/ionad óna soláthraíonn BOOLC seirbhís agus gníomhaíochtaí oideachais.

\*\* I gcás an bhunleibhéil agus an dara leibhéal tá sé seo bunaithe ar líon na scoláirí ar an rolla sa scoilbhliain.

\*\*\* Tagraíonn tairbhíthe do líon iomlán na n-áiteanna ar glacadh leo sa bhliain. Ríomhtar é seo ach

líon na scoláirí ar an rolla amháil ar an 1 Eanáir a shuimiú le chéile le gach scoláire eile a thagann ar an rolla le himeacht na bliana.

\*\*\*\* Tá tairbhíthe ranganna páirtaimseartha/ranganna oíche sna hIonaid Oiliúna san áireamh sna figiúirí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO).

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	An bhliain dar críoch 31/12/2024 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000
<b>3 Fáltais d'Iar-Bhunscoileanna agus don Cheannoifig</b>		
An Roinn Oideachais		
Pá	83,129	78,241
** Neamhphá	5,138	3,927
Cláir Ghaolmhara	4,233	2,273
<b>An Roinn Oideachais - fo-iomlán</b>	<b>92,499</b>	<b>84,441</b>
Táillí Teagaisc - Scoláirí	624	582
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	58	95
Ús Bainc	-	-
Eile	690	848
	<b>93,872</b>	<b>85,966</b>

\*\*Ar na fáltais Neamhphá tá beart costais maireachtála a íocadh le BOOLC i mí na Samhna 2024 mar thacaíocht le haghaidh méadú ar chostais reatha scoile, an beart sin mar chuid de na bearta costais maireachtála i gCáinainéis 2025.

	An bhliain dar críoch 31/12/2024 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000
<b>4 Fáltais Bunscoileanna</b>		
An Roinn Oideachais	227	181
Eile	-	-
	<b>227</b>	<b>181</b>

	An bhliain dar críoch 31/12/2024 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000
<b>5 Fáltais ó Bhreisoideachais agus Oiliúint</b>		
SOLAS	91,942	86,248
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	-	8
Scoláirí	-	-
Eile	-	-
	<b>91,942</b>	<b>86,256</b>

	An bhliain dar críoch 31/12/2024 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2023 €'000
<b>6 Fáltais ón tSeirbhís don Óige</b>		
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	4,444	4,243
An Roinn Sláinte	152	148
An Roinn Oideachais	100	100
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	46	59
Fóram Réigiúnach an Iarthair Láir ar Dhrugaí agus Alcól	6	6
Eile	1	10
	<b>4,749</b>	<b>4,566</b>

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024

7 GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS TIONSCADAIL FHÉINMHAOINITHE

GNÍOMHAIREACHTAÍ

Tionscadal	An Roinn is Urraitheoir/Maoinitheoir	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 €'000	An Bhliain dar Críoch 31/12/2023 €'000
Music Generation Chathair Luimnigh agus an Chláir	Music Generation Éireann/Maoiniú Meaitseála/An Chomhairle Ealaíon	1,466	1,586
Béilí Scoile	An Roinn Coimirce Sóisialaí	752	559
Clár Críochnaithe Scoile	Tusla	386	417
Comhlachtaí Scrúdaithe CSS	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	323	277
Forchúiteamh Tuarastail/Fostaithe ar lasacht	SOLAS/BOOÉ	241	36
Tionscadail Eorpacha	Léargas	221	308
Deontais Athnuachana	Athnuachan (Comhairle Luimnigh)	142	39
Institiúid um Beartas Fuinnimh agus Aeráide na hEorpa - DeCO2	Institiúid um Beartas Fuinnimh agus Aeráide na hEorpa	98	-
HEA - Treasach - Comhordaitheoir	HEA	90	49
Scileanna Fáilteachais (Neamhphá)	Athnuachan (Comhairle Luimnigh)	78	389
An Fhondúireacht Phobail d'Éirinn	An Fhondúireacht Phobail d'Éirinn	50	30
Gníomhaireachtaí eile - 8 cinn acu	Ilchineálach	109	143
		<u>3,955</u>	<u>3,834</u>

TIONSCADAIL FHÉINMHAOINITHE

Tobhaigh/Táilli/Deontais Scoile	Tuismitheoirí/Scoláirí	2,254	2,453
Ionaid Oideachais Allamuigh	Tríú Páirtí	278	222
Club Obair Bhaile/Staidéir	Tuismitheoirí/Scoláirí	647	644
Táillí Scrúduithe Tríú Páirtí	Tuismitheoirí/Scoláirí	261	206
Féinmhaoinitheach eile - 2 cheann acu	Tuismitheoirí/Scoláirí	32	30
		<u>3,472</u>	<u>3,555</u>

Iomlán

7,428 7,389

8 CAIPITEAL

Fáltais

	Bhliain dar Críoch 31/12/2024 €'000	Bhliain dar Críoch 31/12/2023 €'000
An Roinn Oideachais	39,004	42,789
SOLAS	6,355	4,661
An Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta agus Spóirt	-	82
Eile	6	-
Féinmhaoinithe	120	120
	<u>45,485</u>	<u>47,653</u>

